

## **An Ghaeilge**

### **Plean Forbartha na Gaeilge**

#### **ón mbliain 2011 ar aghaidh**

#### **Aidhmeanna**

1. **Ardú a bhaint amach ar líon na ndaltaí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéal sa TEASTAS SÓISEARACH agus san ARDTEIST**
2. **Spreagadh a thabhairt do na múinteoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil**
3. **Ardú céime a thabhairt don teanga labhartha i measc na ndaltaí**
4. **Deiseanna a thabhairt do dhaltaí dul go dtí an Ghaeltacht**
5. **Níos mó úsáid a bhaint as TCF (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)**
6. **Úsáid na Gaeilge a spreagadh i ngáthshaol agus in imeachtaí na scoile**
7. **Beidh níos mó ná rang amháin ag gach múinteoir Gaeilge.**

#### **Cúlra**

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge (Dáta na cigireachta: 11 Deireadh Fómhair 2010)

Níos mó béime ar an teanga labhartha sna scrúdúithe stáit- 40% ag dul don bhéaltriaiil san Ardeist ón mbliain 2011 ar aghaidh.

## **2011-12**

#### **Gníomhartha**

**1 Ardú a bhaint amach ar líon na ndaltaí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéal sa TEASTAS SÓISEARACH agus san ARDTEIST.**

Chinn na múinteoirí na daltaí sa Cheád, sa Dara agus sa Tríú Bliain a spreagadh chun tabhairt faoin nGaeilge ag an ardleibhéal. Eagraíodh dhá rang sa Dara Bliain chun deis a thabhairt do níos mó daltaí ardleibhéal a dhéanamh.

#### **An Teastas Sóisearach**

2010 29.11% Ardleibhéal

2011 20.83% Ardleibhéal

2012 39.22% Ardleibhéal

Ag deireadh na scoilbhliana 2011 bhí 47.79% de na scoláirí sa dara bliain ag tabhairt faoin gcúrsa ardleibhéil. Meadú suntasach le feiceáil anseo i líon na ndaltaí a rinne Ardleibhéal sa Teastas Sóisearach i 2012. Dul chun cinn fós le déanamh.

### **Ardteist**

2010 19.44% Ardleibhéal

2011 23.19% Ardleibhéal

2012 30.56% Ardleibhéal

Meadú suntasach le feiceáil anseo freisin i líon na ndaltaí a rinne Ardleibhéal san Ardteist sa bhliain 2012. Táthar dóchasach go ndéanfar níos mó dul chun cinn fós, os rud é go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaltaí atá ag déanamh an chúrsa Ardleibhéil sa Teastas Sóisearach.

## **2. Spreagadh a thabhairt do na múinteoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil**

Chuaigh beirt de na múinteoirí go dtí an Ghaeltacht i samhradh na bliana 2011.

Rinne cuid acu cúrsa traenála chun podchraoltaí agus araile a dhéanamh.

D'fhreastail an fhoireann ar chúrsa inseirbhíse a d'eagraigh an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge.

Chuir an Bord Bainistíochta deontais ar fáil i leith forbartha gairmiúla.

## **3. Ardú céime a thabhairt don teanga labhartha i measc na ndaltaí**

Athraíodh scrúdúithe na Nollag do gach bliain ionas go mbeadh béaltrialail mar ghné lárnach den scrúdú.

Rinneadh an socrú céanna maidir le scrúdúithe an tsamhraidh don chéad bhliain, don dara agus don chúigiú bliain.

Cuireadh béaltrialacha bréige ar fáil do na daltaí sa séú bliain

Rinneadh iarracht an tuairisc scoile a athrú chun na marcanna don bhéaltrialail a thabhairt chun suntais ach níl sé ar chumas an chórais ríomhaireachta sa scoil é sin a dhéanamh go fóill.

#### **4 Deiseanna a thabhairt do dhaltáí dul go dtí an Ghaeltacht**

Eagraíodh cruinniú idir na múinteoirí agus an príomhoide/leasphríomhoide chun scéim scoláireachta a phlé. Tugtar deis do cheathrar dul go dtí an Ghaeltacht soar in aisce - beirt ón dara bliain agus beirt ón gcúigiú bliain. Daltáí ardleibhéil amháin atá i dteideal cur isteach ar na scoláireachtaí.

Cuireadh an moladh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta agus Chomhairle na dTuismitheoirí agus bhí siad sásta íoc as na scoláireachtaí.

Bhí ar na daltaí iarratas a chur isteach agus bhí crannchur i gceist.

Chuaigh ceathrar go dtí Coláiste na nOileán i gConamara, Co. na Gaillimhe

Scaipeadh eolas faoin nGhaeltacht (agus an tábhacht a bhain le dul go dtí an Ghaeltacht) i measc na ndaltaí agus na dtuismitheoirí.

Bhain na daltaí a d'fhreastail sult agus tairbhe as an gcúrsa.

Tá sé i gceist ag an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas roghnúcháin agus ar an bpróiseas maoinithe amach anseo. Níor íoc na daltaí a d'fhreastail tada ó thaobh costas an chúrsa -ceart nó mícheart. Cheap na tuismitheoirí ó Chomhairle na dTuismitheoirí gur cheart do na daltaí suim áirithe airgid a íoc as seo amach.

#### **5. Níos mó úsáid a bhaint as TCF (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)**

Cuireadh teilgeoir isteach i ngach seomra ranga

Tugadh ríomhaire glúine do gach múinteoir

Tugadh cúrsa inseirbhíse ar TCF do na múinteoirí.

#### **6. Úsáid na Gaeilge a spreagadh i ngáthshaol agus in imeachtaí na scoile**

Tá sé i gceist ag an scoil níos mó úsáid a bhaint as fógraí Gaeilge agus fógraí dátheangacha, idir fhógraí labhartha agus scríofa. Eagraíonn an scoil comórtais ar nós Tráth na gCeist, Biongó agus díospóireachtaí as Gaeilge agus táthar i gceist Seachtain na Gaeilge a eagrú go rialta amach anseo. Chomh maith leis sin is í an Ghaeilge an ghnáththeanga chumarsáide idir an Príomhoide agus an fhoireann Ghaeilge agus eatarthu féin. Cuireann an timpeallacht Gaeilge seo go mór le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil.

**7. Beidh níos mó ná rang amháin ag gach múinteoir Gaeilge.**

Rinneadh laghdú ar líon na múinteoirí Gaeilge ó 8 go 6 ionas go mbeadh níos mó ná rang amháin ag gach múinteoir Gaeilge.

## **2012-13**

\*Deis a thabhairt do níos mó daltaí dul go dtí an Ghaeltacht

\*Béim a chur ar an teanga labhartha

### **Gníomhartha**

-Cuireadh sé scoláireacht ar fáil

Roghnaíodh seisear, triúr ón dara bliain agus triúr ón gcúigiú bliain agus chuaigh said go dtí Coláiste na nOileán, Co. na Gaillimhe. D'íoc na scoláirí €200 as an turas i mbliana.

-Turas go dtí ionad eachtraíochta a eagrú áit a mbeadh imeachtaí trí Ghaeilge á reachtáil ann.

Chuaigh triúr múinteoir agus ceithre dhalta is caoga ón Idirbhliain agus ón gCúigiú Bliain go dtí Ácla, Co. Mhaigh Eo agus chaith said trí lá ann in ionad eachtraíochta ag glacadh páirt in imeachtaí trí mheán na Gaeilge.

Mhuscail an turas go hÁcla spéis na ndaltaí sa Ghaeilge agus i saol na Gaeltachta.

Ardú ar líon na ndaltaí ag deánamh ardleibhéil-dhá rang sa dara, sa tríú agus sa chúigiú bliain i mbliana.

### **An Teastas Sóisearach**

2010 29.11% Ardleibhéal

2011 20.83% Ardleibhéal

2012 39.22% Ardleibhéal

2013 43.75% Ardleibhéal

Méadú suntasach le feiceáil arís i líon na ndaltaí a rinne Ardleibhéal sa Teastas Sóisearach sa bhliain 2013.

Ardteist

2010 19.44% Ardleibhéal

2011 23.19% Ardleibhéal

2012 30.56% Ardleibhéal

2013 28.36% Ardleibhéal

-Scrúdú béil do gach dalta i ngach bliain sna scrúduithe ag an Nollaig agus sa samhradh sa scoil.

## **2013-14**

-Forbairt ghairmiúil na múinteoirí

(a) An Phleanáil: An cur chuige téamach agus an litearthacht san áireamh;

(b) Ag cothú scileanna na héisteachta sa seomra ranga Gaeilge;

(c) Ag cothú na cumarsáide sa seomra ranga Gaeilge.

-Eachtraí chun spéis a chothú i gcultúr na hÉireann

**Gníomhartha**

Turas go dtí an Spiegel tent i mBaile Loch Garman–ceolchoirm John Spillanne

Dráma-An Triail -Turas go Átha Cliath go dtí an amharclann

An Teastas Sóisearach

2010 29.11% Ardleibhéal

2011 20.83% Ardleibhéal

2012 39.22% Ardleibhéal

2013 43.75% Ardleibhéal

2014 41.86% Ardleibhéal

Ardteist

2010 19.44% Ardleibhéal

2011 23.19% Ardleibhéal

2012 30.56% Ardleibhéal

2013 28.36% Ardleibhéal

2014 41.86% Ardleibhéal

Méadú suntasach le feiceáil i líon na ndaltaí a rinne Ardleibhéal san Ardteist sa bhliain 2014.

## **2014-15**

- 1. Ardú a bhaint amach ar líon na ndaltaí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil sa TEASTAS SÓISEARACH agus san ARDTEIST.**

An Teastas Sóisearach

2010 29.11% Ardleibhéal

2011 20.83% Ardleibhéal

2012 39.22% Ardleibhéal

2013 43.75% Ardleibhéal

2014 52.69% Ardleibhéal

2015

An méadú i líon na ndaltaí a rinne Ardleibhéal sa Teastas Sóisearach a choinneáil sa bhliain 2015.

Ardteist

2010 19.44% Ardleibhéal

2011 23.19% Ardleibhéal

2012 30.56% Ardleibhéal

2013 28.36% Ardleibhéal

2014 41.86% Ardleibhéal

2015

An méadú i líon na ndaltaí a rinne Ardleibhéal san Ardeist a choinneáil sa bhliain 2015.

Beidh dhá rang ardleibhéal sa dara, sa tríú, sa chúigiú, agus sa séú bliain i mbliana.

## **2. Spreagadh a thabhairt do na múinteoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil**

Tá sé ar intinn ag na múinteoirí freastal ar inseirbhísí eile i mbliana.

## **3. Ardú céime a thabhairt don teanga labhartha i measc na ndaltaí**

Beidh scrúdú cainte ag gach bliain ag an Nollaig ach amháin an Idirbhliain.

Beidh scrúdú cainte ag an gcéad bhliain, ag an dara bliain, ag an an gcúigiú bliain sa samhradh.

Beidh scrúdú cainte (Modúl) ag daltaí san Idirbhliain.

Beidh trialscrúdú cainte ag daltaí sa séú bliain.

## **4. Deiseanna a thabhairt do dhaltaí dul go dtí an Ghaeltacht**

-Cuirfear sé scoláireacht ar fáil arís i mbliana.

Roghnófar seisear, triúr ón dara bliain agus triúr ón gcúigiú bliain chun dul go dtí Coláiste na nOileán, Co. na Gaillimhe.

Turas go dtí ionad eachtraíochta a eagrú go hionad eachtraíochta in Ácla, Co. Mhaigh Eo do dhaltaí ón Idirbhliain agus ón gCúigiú Bliain, áit a mbeidh na daltaí ag glacadh páirt in imeachtaí trí mheán na Gaeilge (6ú-9ú Bealtaine 2015).

## **5. Níos mó úsáid a bhaint as TCF (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)**

- úsáid a bhaint as Powerpoint, as an idirlíon srl.

**6. Úsáid na Gaeilge a spreagadh i ngáthshaol agus in imeachtaí na scoile**

-Seachtain na Gaeilge

**7. Beidh níos mó ná rang amháin ag gach múinteoir Gaeilge.**

- Beidh trí rang ar a laghad ag gach múinteoir Gaeilge i mbliana.